POST

anpostschoolbag.ie

Stair na hÉireann trína réada

STAIR AGUS GAEILGE

Réamhrá

Tá an ghníomhaíocht seo faoi fhianaise na staire bunaithe ar an naoú sraith chríochnúil stampaí de chuid *An Post – Stair na hÉireann trína réada*. Úsáidfidh na scoláirí stampaí ar a bhfuil réada stairiúla mar bhunús chun gnáthlá i saol duine ón gCré-Umhaois nó in Éirinn neoiliteach a shamhlú agus ansin scríobhfaidh siad faoi.

Gníomhaíocht - Fianaise na Staire

1. Breathnaigh ar an dá stampa thíos. I mbeirteanna, cuirigí na réada staire ar gach stampa i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile de réir na gcritéar seo a leanas: tréimhse stairiúil, ábhar, an chaoi a ndearnadh an réad, feidhm an réada.
2. Cuirigí an méid a phléigh sibh i láthair an ranga.
3. Léigí an t-alt gearr 'Fianaise na Staire' a thugann sonraí faoin réad ar gach stampa. Pléigí an t-alt mar rang, agus cuirigí an méid a cheap sibh faoi na réada ar dtús i gcomparáid leis an eolas san alt.
4. Mol réad a bheadh go maith ar stampa sa bhliain 2067, a dhéanfadh comóradh ar an saol in Éirinn in 2017.

Stampaí Críochnúla 2017

Stair na hÉireann trína réada: an Naoú Sraith Chríochnúil Stampaí de chuid An Post – Céim 1

An 12 Eanáir 2017, thug An Post an naoú sraith chríochnúil stampaí isteach – Stair na hÉireann trína réada. Tá an tsraith bunaithe ar leabhar Fintan O'Toole, A History of Ireland in 100 Objects, tionscadal a raibh The Irish Times, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Acadamh Ríoga na hÉireann bainteach leis ar dtús. Léirítear na stampaí mar ghrianghraif, agus tugtar léargas ar am tábhachtach i stair na hÉireann le gach réad.

Fianaise na Staire

Taisce Óir Chagála Beag
(Tógtha ó Ghrúpa 1 den tSraith Chríochnúil Stampaí)
Seans gur chuid d'éide speisialta a bhí i dTaisce Óir Chagála Beag ó Chontae Ros Comáin, ina bhfuil luanla ón gCré-Umhaois Luath – muince a bhfuil cruth na gealaí uirthi – agus dhá dhiosca óir, a léiríonn an ghrian.

Ceann Máis Breochloiche
(Tógtha ó Ghrúpa 2 den tSraith Chríochnúil Stampaí)
Fuarthas an Ceann Máis Breochloiche sa seomra thoir faoin tuama pasáiste mór i gCnóbha i gContae na Mí i nGleann na Bóinne, agus tá sé ar cheann de na saothair is breátha atá againn ón Eoraip Neoiliteach.

Má tá tuilleadh eolais uait, úsáid fón póca cliste ar a bhfuil an Cee App chun na stampaí a scanadh nó téigh go **www.100objects.ie**

Dhear Zinc Design Consultants na stampaí agus clúdach an chéad lae.

POST anpostschoolbag.ie

Stair na hÉireann trína réada

STAIR AGUS GAEILGE

Gníomhaíochtaí breise molta

- **Plé ranga**
  Cén chaoi a n-úsáideann seandálaithe fianaise agus a ndéanann siad léirmhíniú uirthi chun léargas a thabhairt ar an am atá thart?
- **Scríobh**
  Samhlaigh gur leatsa ceann de na réada atá ar na stampaí ar an leathanach roimhe seo .i. an Taisce Óir ón gCré-Umhaois nó an Ceann Máis Breochloiche ó Éirinn Neoliteach. Scríobh faoi ghnáthlá i saol an duine sin. Cuimhnigh ar an méid seo a leanas:
  - an chaoi a d'úsáidtí an réad is dócha;
  - stádas an úinéara, an áit a chónaídís;
  - an cineál bia a d'itheadh an t-úinéir, na huirlisí a d'úsáideadh siad, na ceirdeanna a bhíodh in úsáid ag an am; agus
  - saol teaghlaigh agus oibre an úinéara.
- **Lig ort féin** gur seandálaí thú ón todhchaí a tháinig ar réad ó 2017. Scríobh tuairisc faoin bhfionnachtain.
- **Scríobh** cur i láthair i mBéarla nó i nuatheanga iasachta faoi réad stairiúil .
- **Dear** stampa ar a mbeadh réad a úsáidtear go coitianta in 2017 agus a léireodh an saol in Éirinn.
- **Eagraighe** turas go dtí Ionad Cuairteoirí Ard-Oifig an Phoist: Finné na Staire www.gpowitnesshistory.ie/visit/ Réitigh ceisteanna don chuairt.
- **Cuir isteach ar** Chomórtas Lámhscríbhneoireachta An Post. Úsáid an ghníomhaíocht scríbhneoireachta thuas nó iarr ar do scoláirí a saothar féin a chumadh faoi réad a bheadh go maith ar stampa in 2067 agus a léireodh an saol in Éirinn in 2017.

Naisc leis an gCuraclam

Stair

- Tuiscint an scoláire ar imeachtaí an duine san am atá thart a fhorbairt
- Tuiscint an scoláire ar shaol na linne seo a fhorbairt trí staidéar a dhéanamh ar an am atá thart
- A chur ar chumas an scoláire téarmaí staire a úsáid
- A chur ar chumas an scoláire a aithint nach mór scríobh na staire a bheith bunaithe ar fhianaise údarásach agus go bhféadfadh níos mó ná léirléamh amháin a bheith ar an bhfianaise atá ar fáil
- A chur ar chumas an scoláire faisnéis a bhaint as ábhair foinse chun ceisteanna staire a fhreagairt
- A chur ar chumas an scoláire measúnú a dhéanamh ar úsáidí d'fhoinsí ar leith agus ar a dteorainneacha
- A chur ar chumas an scoláire faisnéis a bhaint as ábhair foinse chun ceisteanna staire a fhreagairt

Gaeilge - Scríbhneoireacht

- A chur ar chumas an scoláire réimse leathan straitéisí léamhthuisceana a úsáid atá oiriúnach do théacsanna
- A chur ar chumas an scoláire foghlaim le cumarsáid a dhéanamh trí scríobh i réimse foirmeacha agus ar mhórán cuspóirí
- A chur ar chumas an scoláire scríobh ar mhaithe le cuspóirí éagsúla, mar shampla chun anailís a dhéanamh ar ábhar, dul i ngleic leis, agus é a shamhlú
- A chur ar chumas an scoláire scríobh go cumasach i réimse foirmeacha téacsanna, agus leas á bhaint as an tuin agus foclóir cuí agus as éagsúlacht stíleanna chun cuspóir roghnaithe a bhaint amach do luchtanna léitheoireachta difriúla